Scrúd 53w-25T

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Iarratas ar Cheapachán mar Scrúdaitheoir (Scríofa) – 2025

## 1. Post/Poist ar a bhfuiltear ag déanamh iarratais

Liostaigh de réir ord roghnachais, le do thoil, na scrúduithe, na hábhair agus na leibhéil ar mian leat go mbeidh tú san áireamh lena n-aghaidh.

| Scrúdú (SS, AT, ATF, GCAT) | Ábhar | Leibhéal / Leibhéil |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

Má shonraíonn tú Gaeilge na Sraithe Sóisearaí ar an liosta thuas, sonraigh, le do thoil, cé acu T1 nó T2. Más iarratas ar an dá cheann ata i gceist, bain úsáid as dhá shraith.

Cuir tic sa bhosca cuí chun a chur in iúl cé acu post/poist is mian leat go mbeidh tú san áireamh lena n-aghaidh:

Scrúdaitheoir ☐ Scrúdaitheoir Comhairleach ☐ Scrúdaitheoir Comhairleach Sinsearach ☐ Príomh-Scrúdaitheoir Comhairleach ☐

An bhfuil tú inniúil ar na scrúduithe thuasluaite a scrúdú trí Ghaeilge agus an bhfuil tú sásta déanamh amhlaidh i gcás gur gá? Tá ☐ Níl ☐

## 2. Sonraí pearsanta agus stádas múinteoireachta

Ainm ________ Ainmneacha eile ________

Uimhir PSP faoi láthair ☐☐☐☐☐☐☐☐☐ Uimhir PSP roimhe seo (más ann di) ☐☐☐☐☐☐☐☐☐

Dáta breithe D D M M Y Y Aicme ÁSPC ☐

Uimhir Chlárúcháin ón gComhairle Múinteoireachta ☐☐☐☐☐☐ Dáta Athnuachana D D M M Y Y

Seoladh baile
(gnáth-sheoladh le linn an téarma scoile)

éirchód: ☐☐☐☐☐☐☐

Seoladh i gcomhair comhfhreagrais sa tréimhse
1 Meitheamh go 31 Lúnasa
(i gcás nach ionann é agus an seoladh baile)

éirchód: ☐☐☐☐☐☐☐

An baile is gaire duit ________

An t-achar go dtí an baile sin ________ km

Fón Baile ________ Fón Oibre ________ Fón Póca ________

Seoladh ríomhphoist: ________

| | |
|---|---|
| Ainm agus seoladh na scoile ina bhfuil tú faoi láthair, más ag múineadh atá tú faoi láthair, nó na scoile is déanaí ina raibh tú ag múineadh, mura bhfuil tú ag múineadh faoi láthair. | |
| Uimhir Rolla na Scoile | |

| | |
|---|---|
| Stádas múinteoireachta faoi láthair (lánaimseartha, páirtaimseartha, múinteoir ionaid, múinteoir dífhostaithe, etc.). Má tá tú fostaithe faoi láthair, ach ní mar mhúinteoir, tabhair sonraí. Mura bhfuil tú ag múineadh faoi láthair, tabhair an dáta deireanach ar a raibh tú ag múineadh i scoil dara leibhéal. | |

Má tá tú ar scor:

- Tabhair an dáta scoir
- Ar éirigh tú as faoi Shraith 1 den Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí?
- An bhfaigheann tú pinsean míchumais?

Scríobh amach, le do thoil, sonraí aon gharghaolta leat a dhéanfaidh scrúdú stáit in 2025.

(Mura bhfuil aon duine ann, scríobh “duine ar bith”.)

| Ainm iomlán | Scoil | Dáta breithe | An Scrúdú (SS, AT, ATF) |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |

# 3. Cáilíochtaí

| | Bunchéim | Príomhcháilíocht mhúinteoireachta | Eile | Eile |
|---|---|---|---|---|
| Ainm an Fhorais Oideachais | | | | |
| Teideal na cáilíochta | | | | |
| Bliain bhronnta na cáilíochta | | | | |
| Aicme (1, 2.1, 2.2, pas, etc.) | | | | |
| Ábha(i)r sa bhliain deiridh | | | | |
| Ábha(i)r sa chéad / dara bliain | | | | |

# 4. Taithí mhúinteoireachta

I gcás na gcatagóirí go léir thíos, is cóir an bhliain acadúil reatha a chur san áireamh. Más faide ná deich mbliana do thaithí mhúinteoireachta in aon chatagóir, is leor “≥10” a scríobh. Cuir san áireamh na tréimhsí taithí go léir atá agat ar na hábhair a liostaigh tú ag uimhir 3 thuas. Más mian leat, is féidir eolas a thabhairt freisin ar thaithí ar ábhair eile a mhúineadh.

## 4.1. Taithí ag múineadh i scoil aitheanta dara leibhéal in Éirinn

### Taithí ar ranganna sa tSraith Shóisearach a mhúineadh

| Ábhar | Leibhéal (Comónta, Ard, Gnáth, Bonn, nó meascán) | An Líon Blianta Taithí | An bhfuil taithí san áireamh ansin ar ranganna a mhúineadh i mbliain scrúdaithe stáit? (Tá/Níl) |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

### Taithí ar ranganna sa tSraith Shinsearach a mhúineadh

| Ábhar | An Clár (AT / IB / ATF) | Leibhéal | An Líon Blianta Taithí | An bhfuil taithí san áireamh ansin ar ranganna a mhúineadh i mbliain scrúdaithe stáit? (Tá/Níl) |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

### 4.2. Taithí mhúinteoireachta seachas i scoil aitheanta dara leibhéal in Éirinn

| Ábhar | Bliainghrúpa / aoisghrúpa | Cineál na taithí (i scoil, teagasc duine aonair, teagasc grúpa príobháideach, etc.) | Cáilíocht (AT, TGM, A-leibhéal, fochéim, etc.) | An Líon Blianta Taithí |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

## 5. Taithí mar Scrúdaitheoir

### 5.1. Taithí mar Scrúdaitheoir le Coimisiún na Scrúduithe Stáit

| Ábhar | An Scrúdú agus an Leibhéal | Post (scrúdaitheoir, scrúdaitheoir comhairleach, etc.) | An Líon Blianta Taithí | Ó (bhliain) go dtí (bliain) |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

### 5.2. Taithí mar Scrúdaitheoir le heagrais scrúdúcháin eile

| Ainm an eagrais scrúdúcháin | Ábhar | Post (scrúdaitheoir, ceannaire foirne, etc.) | An Líon Blianta Taithí | Ó (bhliain) go dtí (bliain) |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

## 6. Eolas eile

Tabhair aon eolas breise, le do thoil, ar mhian leat a chur sa mheá mar thacaíocht le d'iarratas le linn dúinn an t-iarratas a bhreithniú.

| |
|---|
| |

## 7. Téarmaí agus coinníollacha

*Conradh i gcomhair seirbhíse* is ea ceapachán mar Scrúdaitheoir agus bíonn sé faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

- Ní mór duit aird lánaimseartha a thabhairt ar an obair le linn na tréimhse marcála, ar tréimhse í a mhaireann timpeall is 26 lá de ghnáth ó dháta na comhdhála.
- Má cheaptar duine mar Scrúdaitheoir in aon bhliain ar leith, ní thugann sé sin aon chearta dó/di ar cheapachán do na blianta ina dhiaidh sin.
- Má mhainníonn tú cloí go hiomlán lenár gcuid treoracha nó má ghníomhaíonn tú ar shlí a chuireann slándáil nó slánchúis na scrúduithe i mbaol nó a chuireann feidhmíocht na n-iarrthóirí i mbaol, féadfar tú a bhriseadh as an gceapachán agus is féidir go ndiúltófar aon cheapachán ina dhiaidh sin a cheadú duit. I gcás go mbrisfear as do cheapachán thú, ní bheidh aon éileamh agat in aghaidh CSS ar íocaíocht ná ar speansais.
- Íocfar costais taistil agus liúntais chothabhála de réir rialacháin na Roinne Airgeadais.
- Déanfar gach íocaíocht leat tríd an gcóras *Paypath*, córas leictreonach aistrithe airgid.
- Féach ar an suíomh secexaminer.ie le haghaidh breis eolais ar chomhdhálacha agus ionaid, táillí, liúntais taistil agus chothabhála, riachtanais teicneolaíochta faisnéise don mharcáil ar líne, etc.
- Ní bheidh tú i dteideal do cheaptha má d'imigh tú ar luathscor faoi Shraith 1 den Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí nó má tá tú ar shaoire bhreoiteachta, ar tuarastal nó gan tuarastal, nó má tá tú ar fionraí nó ar shaoire riaracháin, nó más rud é, tráth na comhdhála nó le linn na tréimhse marcála, go bhfuil tú ar shaoire reachtúil mháithreachais ar tuarastal.
- Breithneofar iarratais ó mhúinteoirí atá ag fáil pinsean míchumais ach foirm thuairisc liachta a fháil agus í chomhlánaithe. Tá an fhoirm sin ar fáil ach í a iarraidh ag na huimhreacha (090) 6442735/6.

## 8. Deimhniú an iarratasóra

Deimhním leis seo go bhfuil na sonraí a thug mé ceart agus go gcuirfidh mé in iúl do CSS cibé athruithe a thiocfaidh ar na sonraí sin. Aithním go bhforchoimeádann CSS de cheart aige féin fíorú a dhéanamh ar an eolas go léir a tugadh, mo chuid cáilíochtaí san áireamh. I gcás go gceapfar mé, leanfaidh mé, ar feadh mo chumais, na treoracha go léir a eiseoidh CSS nó a eiseoidh aon duine dá dtugann CSS an t-údarás treoracha den sórt sin a eisiúint.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Gnáthshíniú | | Dáta | |

## 9. Iarratais a chur faoinár mbráid agus Iarratais a bhreithniú

Ní foláir an deimhniú thuas a shíniú. Má chomhlánaíonn tú an fhoirm go leictreonach, ní foláir duit cóip di a chur i gcló agus a shíniú sula gcuirfidh tú faoinár mbráid í. Seol an fhoirm chomhlánaithe, le do thoil, chuig **Rannóg na Scrúdaitheoirí, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí** ionas go mbeidh sí againn tráth nach déanaí ná an **28 Feabhra 2025**. Ní mór an postas a íoc. Glacfaimid le hiarratais fós tar éis an dáta deiridh sin, ach ní chuirfear iarratais dhéanacha san áireamh ach amháin i gcás go mbíonn folúntais ann fós tar éis dúinn tairiscintí ceapacháin a dhéanamh leis na hiarratasóirí oiriúnacha úd a bhfuarthas a n-iarratais roimh an dáta deiridh. I gcás nach sonróidh tú d'Uimhir PSP nó nach mbeidh an fhoirm comhlánaithe i gceart agat ar shlí eile, cuirfear ar ais chugat í lena críochnú. D'fhéadfadh d'iarratas a bheith deireanach dá bharr. Déanfaimid na hiarratais uile a bhreithniú ar bhealach cóir agus cothrom, agus dícháileofar aon iarratasóir a dhéanann iarracht ar fhabhar a lorg. Eiseofar litreacha ceapacháin ar bhonn leanúnach go dtí lár mhí Iúil.

Tá leagan Béarla den fhoirm seo ar fáil ach í a iarraidh.

**Cosaint Sonraí**

Is rialaitheoir sonraí CSS atá cláraithe le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Déanfar na sonraí pearsanta a chuir tú ar fáil san iarratas seo a phróiseáil de réir fhorálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí.

Déanfaimid na sonraí seo a phróiseáil chun d'iarratas a riar do phost mar ghníomhaire ar conradh mar scrúdaitheoir linn. Má cheaptar sa ról thú, déanfar do shonraí pearsanta a phróiseáil i riarachán do chonartha linn. Áirítear ann riarachán maidir le do ról sannta agus na dualgais a bhaineann leis. Bainfear feidhm freisin as na sonraí seo chun íocaíocht a dhéanamh leat maidir le do chonradh. Chomh maith leis sin, coimeádfar do shonraí agus tig linn iad a úsáid ó am go chéile chun dul i dteagmháil leat chun tú a chur ar an eolas faoi dheiseanna earcaíochta linn. Is féidir ár bhFógra um Chosaint Sonraí a fháil ar ár suíomh gréasáin: www.examinations.ie/data-protection.